

Seirbhísí na Ranna Beartais

Is é atá i ranna beartais ná aonaid taighde a thugann tacaíocht do chomhlachtaí parlaiminteacha (an tUachtarán, coistí, agus an tArdrúnaí) le linn dóibh a gcúraimí reachtacha agus institiúideacha a chomhlíonadh. Soláthraíonn siad saineolas de chineál inmheánach agus de chineál seachtrach chun tacú leis na coistí agus le comhlachtaí parlaiminteacha eile le linn dóibh reachtaíocht a cheapadh agus grinnscrúdú daonlathach a fheidhmiú.

Chun forléargas a fháil ar na seirbhísí taighde uile a chuireann Parlaimint na hEorpa ar fáil, tabhair cuairt ar: <http://www.europarl.europa.eu/thinktank/en/sources.html>

Cad iad na tréithe a fhágann gurb aonaid uathúla iad ranna beartais?

- Tá siad tiomnaithe i leith fónamh do choistí agus pléann siad le hiarrataí ar shaineolas ó na coistí.
- Oibríonn siad ar bhonn tosaíochtaí polaitiúla atá leagtha síos ag na coistí.
- Chomh maith le tacaíocht ó speisialtóirí inmheánacha a chur ar fáil, tairgeann siad rochtain ar shaineolaithe íoctha seachtracha freisin.

AN ROINN BEARTAIS UM NA BEARTAIS EACNAMAÍOCHTA, EOLAÍOCHTA AGUS CAIGHDEÁIN SAOIL

Soláthraíonn Roinn Beartais A saineolas ardchaighdeáin, anailís cothrom le dáta agus taighde neamhspleách do na coistí a dtacaíonn sí leo: **ECON, EMPL, ENVI, ITRE and IMCO**.

Is mar a leanas a fhóann Roinn Beartais A dá Coistí:

1. **Coistí a chur i gceangal** le líonra forleathan saineolais sa réimse acadúil, i ngnólachtaí sainchomhairleoireachta speisialtóireachta, agus i meithleacha machnaimh, in institiúidí eile AE agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta;
2. Sainchomhairle bheartais agus taighde atá spriocdhíríte go cúramach a **sholáthar** ag aon phointe sa timthriall reachtach, ar chomhairle í agus ar taighde é atá neamhspleách, lena mbaineann ardchaighdeán agus ina dtugtar aird ar íogaireachtaí polaitiúla; ag tacú leis an ról grinnscrúdúcháin atá ag coistí;
3. **Oiriúnú a dhéanamh ar thaighde coiste** chun tacú le rannpháirteachas eolasach idir saoránaigh AE agus na Feisirí; á chinntiú go ndéantar obair pharlaiminteach ar bhealach oibiachtúil agus gur saineolaithe a dhéanann í;
4. **Bainistíocht** a dhéanamh ar bhuiséid saineolais coistí, tionscadail a chur chun feidhme, saineolas seachtrach a úsáid chun ceanglais atá leagtha síos comhordaitheoirí Coiste a chomhlíonadh.

Soláthraíonn anailísithe agus taighdeoirí **inmheánacha** faisnéis ad-hoc agus anailís bheartais, mar fhreagra ar iarraidh shonrach nó as a stuaim féin agus tar éis dul i gcomhairle go pearsanta le Feisirí. Ina theannta sin, tacaíonn siad le hobair an Uachtaráin agus an Ard-Rúnaí i dtaca le seisiúin eolais agus faisnéis chúlra de.

Déantar saineolas seachtrach íoctha a sholáthar go heisiach ar iarraidh a fháil ón gcoiste, tar éis cinneadh a dhéanamh comhordaitheoirí an Choiste lena mbaineann. Déantar leithreasú buiséid a leithroinnt do na




coistí gach bliain chuige sin. Le linn dóibh a bheith obair le saineolaithe seachtracha, cinntíonn an roinn beartais go sroicheann an taighde na caighdeáin is airde agus is féidir i dtaca le neamhspleáchas agus cáilíocht de, agus go dtugann sé aghaidh ar riachtanais shonracha an choiste. Chuige sin, roghnaítear saineolaithe seachtracha trí nósanna imeachta fála atá bunaithe ar chritéir oibiachtúla roghnúcháin agus dámhachtana. Is féidir leis an roinn beartais formhaoirseacht dhlúth a dhéanamh ar obair na saineolaithe ansin lena chinntiú go bhfuil an obair i gcomhréir go hiomlán leis an iarraidh ar thaighde.

Is iad seo a leanas na táirgí taighde is coitianta a sholáthraíonn Roinn Beartais A:

- **“Sracfhéachaint”:** páipéar taighde 2 leathanach ina soláthraítear achoimre ghonta ar bheartas ar leith, ar thogra reachtach nó ar imeacht, lena n-áirítear faisnéis riachtanach ina bhfuil téacs agus grafaicí, móide naisc agus moltaí i leith tuilleadh ábhair léitheoireachta.
- **Faisnéisiú:** páipéar achomair taighde ina soláthraítear faisnéis chúlra maidir le hábhair atá sainithe go mion, ar faisnéis í ar féidir í a chur san áireamh, mar shampla, i ndruchtú tuarascála coiste.
- **Grinnanailís:** páipéar taighde meánfhaid ar páipéar é, de ghnáth, atá bainteach go díreach le togra reachtach nó le tuarascáil féintionscnaimh atá ar na bacáin.
- **Staidéar:** páipéar taighde de chineál níos fadtéarmaí a gcuirtear scrúduithe comparáideacha ar fáil ann de ghnáth maidir le dlíthe nó beartais Ballstát nó tríú tíortha i réimsí nach bhfuil aon anailís den sórt sin ar fáil ina leith. D’fhéadfadh sé tarlú go mbainfear úsáid astu mar bhonn le haghaidh obair pharlaiminteach níos faide anonn nó le haghaidh taighde de chineál níos spriocdhírthe.
- **Ceardlann:** sainseisiún le grúpa saineolaithe chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist shonrach a ardaíonn an coiste. Tugann ceardlann saineolaithe neamhspleácha ar conradh as eagraíochtaí seachtracha, amhail ollscoileanna, le chéile agus ní gá go mbeadh sí ar oscailt do dhaoine den phobal.

CONAS A IARRTAR SAINEOLAS AR ROINN BEARTAIS A?



SÚIL A CHAITHEAMH AR CHOISTE ENVI

Laistigh de Roinn Beartais A, soláthraíonn [meitheal shonrach](#) saineolas agus comhairle don Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) i réimsí uile de chuid chúraimí an choiste.

Tá freagracht ar Choiste ENVI i ndáil le raon leathan réimsí beartais lena n-áirítear athrú aeráide, cáilíocht aeir agus uisce, cosaint na bithéagsúlachta agus lipéadú earraí bia, gan trácht ar nithe eile. Tá cumhachtaí agus freagrachtaí Choiste ENVI liostaithe in [Iarscríbhinn V de Rialacha Nós Imeachta PE](#).

TEAGLAIM PÁIPÉAR TAIGHDE A D'IARR COISTE ENVI LE DÉANAÍ

Staidéir:

Pointí samplála i leith Cáilíocht Aeir - Ionadaíochas agus Inchomparáideacht



Tá faireachán ar cháilíocht aeir ag láithreáin sheasta ina mhóruirlis dá bhforáiltear sa Treoir maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh agus trína ndéantar seiceáil i dtaobh cloí leis na teorainnuachanna nó leis na spriocluachanna atá socraithe i ndáil le cosaint shláinte an duine. Sa staidéar seo, déantar anailís ar na critéir a ghabhann le suíomh láithreán faireacháin i gcúig Bhallstát d'fhonn forálacha débhríocha a shainaithint a bhféadfadh measúnachtaí éagsúla ar theacht faoi lé truailliú aeir leanúint astu.



Soláthar Poiblí Glas agus Plean Gníomhaíochta AE i leith an Gheilleagair Chiorclaigh



Clúdaíonn soláthar poiblí agus ceannach seirbhísí, oibreacha agus soláthairtí thart ar 14% d'olltáirgeacht intíre (OTI) na hEorpa agus, dá bhrí sin, tá cumhacht an-mhór acu agus déanann siad táirgí agus seirbhísí níos glaise agus níos inbhuanaithe. Soláthraíonn an mheasúnacht a rinneadh sa staidéar seo torthaí maidir le hinfhaidhmeacht tionscnamh leanúnach agus taispeántar inti conas a rannchuidíonn na tionscnaimh sin le Plean Gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an nGeilleagar Ciorclach.



Spricanna Laghdaithe Astaíochtaí i leith na hEitlíochta agus na Loingseoireachta Idirnáisiúnta



Soláthraíonn an staidéar seo forléargas ar spricanna ionchasacha maolaithe CO₂ i leith iompar idirnáisiúnta eitlíochta agus muirí agus déantar anailís ar an i dtaobh cé na spricanna a bheadh comhoiriúnach leis an sprioc fhadtéarmach dhomhanda maidir leis an méadú teochta a choimeád faoi bhun 2°C i gcomparáid le leibhéil réamhthionsclaíocha. Leagtar béim ar an ngá le spricanna nua a chur ar bun don dá earnáil, ar spricanna iad a léiríonn go soiléir nach féidir le hastaíochtaí fás ar bhealach gan teorainn agus gan rialáil.



Treoirínte maidir le ceadú substaintí gníomhacha i lotnaidicídí



Is cuid riachtanach de lotnaidicídí iad substaintí gníomhacha. Déantar iad a cheadú ar leibhéal AE agus tá treoir ann chun an próiseas casta ceadaithe a shoiléiriú, a chomhchuihbhíú agus a chaighdeánú. Sa staidéar seo, déantar scrúdú ar an treoir agus ar na treoirínte atá ann cheana féin; ar an leibhéal comhchuibhithithe atá ann eatarthu; agus ar an úsáid a bhaintear as na prionsabail i leith dea-chleachtas saotharlainne (DCS); agus soláthraítear forléargas ar na staidéir atá ag teastáil le haghaidh ceadú substaintí gníomhacha.



Faisnéisiú:

Beartais Eorpacha maidir le hathrú aeráide agus maidir le fuinneamh i dtreo 2020, 2030 agus 2050



San ábhar buneolais seo, déantar cur síos ar bheartais AE maidir le cúrsaí aeráide agus fuinnimh agus, chomh maith leis sin, ar na dúshlán nach mór aghaidh a thabhairt orthu chun sprioc Chomhaontú Pháras maidir le méadú theocht an domhain a choimeád faoi bhun 2°C a bhaint amach agus chun iarrachtaí a dhéanamh 1.5°C a bhaint amach.



Imeachtaí ceardlainne:

Tacaíocht a thabhairt don Mhargadh le haghaidh Amhábhair Thánaisteacha i nGeilleagar Ciorclach



Sa tuarascáil seo, tugtar achoimre ar chur i láthair agus ar phléití de chuid ceardlann a eagraíodh chun leathnú a dhéanamh ar an tuiscint atá ann maidir le ról amhábhair tánaisteach, agus maidir leis na deiseanna a bhaineann leo, mar chuid den Phlean Gníomhaíochta maidir le Geilleagar Ciorclach, lena n-áirítear an reachtaíocht atá beartaithe maidir le cúrsaí dramhaíola.



Spríocanna iar-2020 i leith astaíochtaí CO2 ó ghluaiseáin agus ó veaineanna



Sa tuarascáil seo, tugtar achoimre ar chur i láthair agus ar phléití de chuid ceardlann inar tarraingíodh aird ar ról feithiclí saothair éadroim i dtaca le laghdúithe ar astaíochtaí a bhaint amach, ar na spríocanna beartaithe iar-2020 agus ar an méadú ar éifeachtúlacht na spríocanna sin agus, chomh maith leis sin, ar an mbealach chun cinn i dtaca le feithiclí leictreacha de agus i dtaca leis na bearta ionchasacha i leith tuilleadh feabhsaithe




Róbait i réimse an Chúraim Sláinte: réiteach nó fadhb?



Sa tuarascáil seo, tugtar achoimre ar chur i láthair agus ar phléití de chuid ceardlann maidir le stádas agus ionchais na hoibre a bhaineann le teicneolaíochtaí atá bunaithe ar róbataic agus ar intleacht shaorga (AI) a chur i bhfeidhm sa réimse cúraim sláinte. Bhí an chéad chuid den cheardlann bunaithe ar fheidhmiú praiticiúil AI agus róbataice sa réimse cúraim sláinte agus, le linn an dara cuid, rinneadh scrúdú ar impleachtaí agus ar fhreagrachtaí eiticiúla AI agus teicneolaíochtaí róbataic-bhunaithe sa réimse cúraim sláinte.



Galair Chardashoithíochacha agus Stíl Bheatha



Sa doiciméad seo, tugtar achoimre ar chur i láthair agus ar phléití le linn ceardlainne maidir leis na teorainneacha agus na deiseanna a bhaineann le tionchar na stíle beatha ar ghalair chardashoithíochacha. Ba é ab aidhm don cheardlann ná eolas a chur ar fáil faoin ngaolmhaireacht idir galair chardashoithíochacha, agus galair ghaolmhara, agus roinnt roghanna i leith stíleanna beatha i gcomhthéacs an Aontais Eorpach, agus forléargas a fháil ar an tírdhreach beartais atá ann ar fud an domhain agus san Aontas Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin.



Teagmhálaithe Roinn Beartais A

- Roinn Beartais A - Beartais Eacnamaíochta, Eolaíochta agus Caighdeáin Saoil
ECON - EMPL - ENVI - ITRE - IMCO - poldep-economy-science@ep.europa.eu
- Meitheal ENVI: Georgios AMANATIDIS - georgios.amanatidis@europarl.europa.eu - 0032 228 34086
- Meitheal ENVI: Tina OHLIGER - tina.ohliger@europarl.europa.eu - 0032 228 31477
- Meitheal ENVI: Miklos GYOERFFI - miklos.gyoerffi@europarl.europa.eu - 0032 228 32505

Tá ár gcuid páipéar taighde go léir ar fáil ar ár láithreán gréasáin.

<https://www.europarl.europa.eu/committees/en/envi/supporting-analyses.html>

Séanadh agus cóipcheart. Is iad tuairimí na n-údar na tuairimí a nochtar sa doiciméad seo agus a dtuairimí sin amháin seo agus ní gá gur léiríú ar sheasamh oifigiúil Pharlaimint na hEorpa iad. Údaraítear atáirgeadh agus aistriú chun críocha neamhthráchtála, ar choinníoll go n-admhófar an fhoinsé, agus go dtabharfar fógra roimh ré do Pharlaimint na hEorpa agus go seolfar cóip chuici. © An tAontas Eorpach, 2019.

Lámhscríbhinn arna tabhairt chun críche an: Bealtaine 2019; Dáta an fhoilseacháin: Meitheamh 2019
Riarthóir a bhí freagrach: Tina OHLIGER; Cúntóir Eagarthóireacha: Roberto BIANCHINI

IP/A/ENVI/2019-05

Print ISBN 978-92-846-5282-2 | doi: 10.2861/506 | QA-04-19-512-GA-C
PDF ISBN 978-92-846-5263-1 | doi: 10.2861/453758 | QA-04-19-512-GA-N